AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.7.2022
COM(2022) 355 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal

1. RÉAMHRÁ

1.1 Cúlra

Le staidreamh folúntas (JVS), taifeadtar an líon post atá folamh ag tráth áirithe, is é sin an chuid sin den éileamh saothair nach sásaítear leis an soláthar saothair. Mar sin cuireann siad faisnéis thábhachtach ar fáil faoi na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir an soláthar saothair agus an t-éileamh saothair, lena n-áirítear neamhréireanna sa mhargadh saothair, rud a bhíonn ann nuair nach gcomhfhreagraíonn scileanna na ndaoine atá ag lorg poist nó an áit a bhfuil siad don mhéid a bhfuil fostóirí féideartha ag súil leis.

Le Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal[1] ('Rialachán JVS'), bunaítear an creat chun staidreamh ráithiúil maidir le folúntas a tháirgeadh agus a mheas.

Le hAirteagal 10 de Rialachán JVS, éilítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo faoin 24 Meitheamh 2010 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin. Is é cuspóir na tuarascála seo measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh a sholáthraíonn na Ballstáit agus ar cháilíocht staidrimh na gcomhiomlán Eorpach. Thairis sin, déantar réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh amach anseo a aithint agus a chur i láthair.

Is é seo an cúigiú tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle[2]. Tá an tuarascáil bunaithe ar thaithí ar shonraí ráithiúla a chur isteach ar bhonn ráithiúil agus ar dhoiciméadacht a sholáthraíonn na Ballstáit ina dtuarascálacha bliantúla cáilíochta. Díríonn an tuarascáil seo ar cháilíocht an staidrimh folúntas a fuarthas ón eagrán roimhe seo. Déanann sé scrúdú ar an staidreamh folúntas a seoladh chuig an gCoimisiún do na ráithí tagartha ón gcéad ráithe de 2019 (2019R1) go dtí an ceathrú ráithe de 2021 (2021R4).

1.2 An creat dlíthiúil

Chun cur leis an gcreat dlíthiúil a bunaíodh le Rialachán JVS, ghlac an Coimisiún dhá rialachán cur chun feidhme:

- Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 ón gCoimisiún[3], ina sainmhínítear na nósanna imeachta coigeartúcháin shéasúraigh atá le cur i bhfeidhm ón gcéad ráithe de 2014, struchtúr agus ábhar na dtuarascálacha bliantúla cáilíochta a sholáthróidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, agus na dátaí ar a seolfar na tuarascálacha sin; agus

[1] IO L 145, 4.6.2008, lch. 234.

[2] Féach an tuarascáil roimhe seo, COM(2019) 368 an 13 Lúnasa 2019.

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2008 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal, a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta coigeartúcháin shéasúraigh agus le tuarascálacha cáilíochta (IO L 285, 29.10.2008, lch. 3).

- Rialachán (CE) Uimh. 19/2009 ón gCoimisiún[4], ina sainmhínítear an téarma ‘folúntas’, ina leagtar síos spriocdhátaí maidir le sonraí a sheoladh agus ina sainítear na tréimhsí atá le clúdach ag an gcéad tacar sonraí a sholáthraítear. Liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh dlíthiúil seo na Ballstáit atá i mbun staidéir indéantachta agus na hábhair a chumhdaítear leis na staidéir.

Faoin reachtaíocht thuas, ceanglaítear ar na Ballstáit uile amshraith a sholáthar maidir leis an líon iomlán folúntas agus an líon post atá líonta ina dtír féin, ón gcéad ráithe de 2010 ar aghaidh. Ba cheart dóibh na sonraí a sholáthar tráth nach déanaí ná 70 lá tar éis dheireadh na ráithe (T+70). Ina theannta sin, i gcás na mBallstát ar mó a líon iomlán fostaithe ná 3 % d’iomlán an Aontais, ceanglaítear orthu tobmheastacháin a sheoladh tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis dheireadh na ráithe (T+45).

Ceanglaítear ar na Ballstáit an líon folúntas agus an líon post líonta a sholáthar do na haonaid ghnó uile agus de réir gníomhaíocht eacnamaíoch, i gcás gach rannáin d’aicmiú NACE Athbhreithniú 2 (NACE Ath. 2)[5]. Ach i gcás gnólachtaí beaga (aonaid a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí acu de réir an tsainmhínithe) agus rannáin O-S de NACE Ath. 2[6] (arb iad riarachán poiblí, seirbhísí sláinte agus oideachas na príomhghníomhaíochtaí atá iontu), luaitear i Rialachán JVS gur cheart d’aon Bhallstát a bhfuil deacrachtaí acu sonraí a sholáthar tabhairt faoi staidéir indéantachta.

Cé gur cuireadh ar a gcumas do roinnt Ballstát leis na staidéir indéantachta an geilleagar ina iomláine a chumhdach, ní hé sin an cás i gcás trí cinn díobh (an Danmhairg, an Fhrainc agus an Iodáil). Níl na sonraí do na tíortha sin inchomparáide ina n-iomláine leis na sonraí don chuid eile den Aontas. I gcás na Fraince agus na hIodáile, ní chumhdaítear institiúidí poiblí laistigh d’earnáil an riaracháin phoiblí, d’earnáil an oideachais agus d’earnáil shláinte an duine (NACE Ath. 2, rannáin O, P agus Q). Thairis sin, ní chuireann an Fhrainc ach aonaid ina bhfuil 10 bhfostaí nó níos mó san áireamh i suirbhéanna agus ní chuireann an Danmhairg ach aonaid laistigh den gheilleagar gnó san áireamh (NACE Ath. 2, rannán B-N).

Ó bhí an tuarascáil dheireanach ann, thosaigh an Iodáil agus Málta ag tarchur sonraí folúntas i leith gach méid fiontar, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil 1-9 bhfostaí acu. Tar éis é sin a dhéanamh, cumhdaíonn Málta raon iomlán an staidrimh folúntas.

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 19/2009 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2009 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal, a mhéid a bhaineann leis an sainiú ar fholúntas, na dátaí tagartha maidir le bailiú sonraí, sonraíochtaí tarchuir sonraí agus staidéir indéantachta (IO L 9, 14.1.2009, lch. 3).

5 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

6 Lena gcumhdaítear: Riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialta éigeantach (rannán O), oideachas (rannán P), sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta (rannán Q), na healaíona, siamsaíocht agus áineas (rannán R) agus gníomhaíochtaí seirbhíse eile amhail gníomhaíochtaí eagraíochtaí comhaltais, deisiú ríomhairí agus earraí pearsanta agus teaghlaigh mar aon le gníomhaíochtaí seirbhísí pearsanta eile (rannán S).

Mar seo a leanas a struchtúraítear an chuid eile den tuarascáil: Cuirtear i láthair i Roinn 2 an dul chun cinn atá déanta maidir le Rialachán JVS a chur chun feidhme le 3 bliana anuas, déantar anailís i Roinn 3 ar phríomhthionchar ghéarchéim COVID-19 ar JVS, agus déantar measúnú i Roinn 4 ar cháilíocht an staidrimh folúntas. Ar deireadh, i Roinn 5 tagtar ar chonclúidí agus moltar bealaí chun ionchais úsáideoirí a chomhlíonadh níos fearr fós amach anseo.

2. DUL CHUN CINN GINEARÁLTA ÓN TUARASCÁIL DHEIREANACH

Ní raibh aon athrú reachtaíochta ann ó glacadh an tuarascáil dheireanach in 2019.

Maidir leis an bpróiseas táirgthe, rinneadh roinnt feabhsuithe ar shlabhra táirgeachta JVS, mar a shonraítear sna míreanna seo a leanas.

2.1 Caighdeáin maidir le bailiú sonraí

Tharchuir na Ballstáit uile JVSanna trí úsáid a bhaint as struchtúr sonraí an Mhalartaithe Sonraí agus Meiteashonraí Staidrimh (SDMX)[7] agus as liostaí cód a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta (ar fáil ar líne trí chlárlann thiomnaithe)[8]. Baineadh úsáid as an gcódú céanna i mbunachar sonraí JVS Eurostat agus a úsáideadh chun JVS a tharchur chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Ó rinneadh JVS a tharchur le haghaidh ráithe tagartha 2021R3 (tobmheastachán agus meastachán deiridh), thosaigh na Ballstáit ag úsáid leagan 2.3 den Sainmhíniú ar Struchtúr Sonraí a úsáidtear i dtarchuir SDMX sonraí JVS, lena n-ionchorpraítear aicmiú NUTS nua freisin[9].

Trí úsáid a bhaint as caighdeáin SDMX maidir le sonraí a tharchur, seachnaítear débhríochtaí agus míthuiscintí leis na Ballstáit agus simplítear an próiseas bailíochtaithe sonraí, rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach don uathoibriú.

2.2 Bailíochtú sonraí

Rinneadh na sonraí a bhailíochtú go córasach le huirlis nua, lena seiceáiltear an gcomhlíonann na cóid agus na struchtúir sonraí a úsáidtear na caighdeáin SDMX a comhaontaíodh maidir le tarchur sonraí. Simplíonn sé sin an próiseas táirgthe agus laghdaíonn sé an baol go n-eascróidh earráidí as códú mícheart. Nuair nach bhfuil an comhad a tharchuirtear i gcomhréir le caighdeáin SDMX atá i bhfeidhm, diúltaítear dó go huathoibríoch. Faigheann na Ballstáit uile fógra rathúil nó fógra teipe le ríomhphost agus féadfaidh siad rochtain a fháil ar an tuarascáil bhailíochtaithe TF trí sheirbhís gréasáin.

---

7 https://sdmx.org/ (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla).

8 https://webgate.ec.europa.eu/sdmxregistry/ (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla).

9 Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

Ó bhí an tuarascáil dheireanach ann, tá an próiseas táirgthe curtha in oiriúint ag Eurostat chun cineálacha formáide SDMX uile a phróiseáil, bíodh siad dlúth nó cineálach.

Thairis sin, i gcás gach tarchuir ráithiúil, déanann Eurostat seiceálacha sochreidteachta trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí thar am agus thar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Ath. 2. I gcás athruithe suntasacha ó ráithe go ráithe ar an líon post nó ar an líon folúntas, iarrann Eurostat ar na Ballstáit na sonraí a dheimhniú nó comhad sonraí ceartaithe a tharchur arís. Nuair a bhraitear athbhreithnithe móra nó athruithe tobanna, in aon rannán NACE áirithe, déantar obair leantach orthu go córasach leis na tíortha lena mbaineann.

2.3 Coigeartú Séasúrach

Faoi Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 ón gCoimisiún, ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí arna gcoigeartú de réir séasúir a tharchur freisin. Tá sé éigeantach na sonraí sin maidir le folúntais agus le poist líonta a sholáthar le haghaidh rannáin B-E, F, G-I, J, K, L, M-N, O-Q, R-S de NACE Ath. 2 ar a laghad. Úsáideann Eurostat na sonraí maidir le folúntas agus poist líonta arna gcoigeartú de réir séasúir a sholáthraítear chun na rátaí folúntas arna gcoigeartú de réir séasúir a ríomh mar chóimheas.

Ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an limistéir euro, déantar poist líonta agus folúntais a chomhiomlánú thar na Ballstáit ar dtús agus a choigeartú de réir séasúir ansin (coigeartú séasúrach díreach).

Foilsíonn Eurostat comhiomláin Eorpacha arna gcoigeartú de réir séasúir in éineacht le sonraí nach bhfuil coigeartaithe de réir séasúir (féach Roinn 4.5).

Chuir Eurostat feabhas ar an iarscríbhinn maidir leis an gcoigeartú séasúrach ar thuarascálacha cáilíochta náisiúnta. Go háirithe, sonraítear san iarscríbhinn nuashonraithe seo na samhlacha coigeartaithe shéasúraigh a úsáidtear, na hasluitigh a bhraitear, méid na gcoigeartuithe agus luaineacht na dtorthaí.

3. TIONCHAR GHÉARCHÉIME COVID-19

3.1 Suirbhé ar na Ballstáit

I mí an Mhárta 2020, sheol Eurostat suirbhé chun go dtuairisceoidh tíortha na príomh-shaincheisteanna a raibh orthu dul i ngleic leo maidir le sonraí a bhailiú ó thús na paindéime. Ba í an tsaincheist ba mhinice a tuairiscíodh sa suirbhé ná ráta freagartha níos ísle ó ghnólachtaí mar go raibh siad dúnta agus socruithe nua oibre (obair ghearr-ama, teilea-obair etc.), mar a deimhníodh sna comhaid mheiteashonraí do 2020R1 agus 2020R2.

Cé gur thosaigh géarchéim COVID-19 i bhformhór na mBallstát i lár mhí an Mhárta 2020, b'annamh a bhí an tionchar le feiceáil i sonraí 2020R1, rud a bhraith ar an dáta tagartha maidir le bailiú sonraí JVS. Mar a bhí coinne leis, thaifead formhór na dtíortha laghdú bliain ar bhliain ar an ráta folúntas in 2020R2.

3.2 Tionchar ar tharchur sonraí


In ainneoin na mbac sin, rinneadh sonraí JVS le haghaidh ráithí tagartha 2020R1 agus R2 a tharchur agus a eisiúint in am, i gcás na mBallstát uile, beagnach.

Ba í an Fhrainc amháin nach raibh in ann sonraí 2020R1 a tharchur agus thosaigh sí ag tarchur arís do thréimhse thagartha 2020R2. D'éirigh leis an Iodáil sonraí deiridh a sheoladh in am le haghaidh eisiúintí nuachta 2020R1 agus 2020R2 ach ní le haghaidh na dtobmheastachán comhfhreagrach roimhe sin.

3.3 Forbairtí ar staidreamh folúntas

Mar a léirítear sa chairt thíos, tháinig laghdú mór ar an ráta folúntas ar dtús, i limistéir an euro agus san Aontas araon, thar thréimhse 2020R1-R2. Ó 2020R3 ar aghaidh, tháinig feabhas ar an ráta de réir a chéile go dtí gur shroich sé 2.6 % in 2021R4 san Aontas, arb é 0.3 pointe céatadáin os cionn na buaice a taifeadadh in 2019R1.

Maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha aonair, ba sna rannáin NACE seo a leanas a breathnaíodh na méaduithe ba mhó ar JVS i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim: J ('Faisnéis agus cumarsáid'); N ('Gníomhaíochtaí seirbhísí riaracháin agus tacaíochta', lena n-áirítear gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí); I ('Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia') agus C ('Monaraíocht')[10].



4. CÁILÍOCHT NA SONRAÍ

Sa mhír seo den tuarascáil déantar scrúdú ar na gnéithe cáilíochta uile de staidreamh na hEorpa maidir le folúntais: ábharthacht, cruinneas, tráthúlacht, poncúlacht, comhleanúnachas agus inchomparáideacht.

4.1 Ábharthacht

Tá sé tábhachtach sonraí JVS a bhailiú chun anailís eacnamaíoch a dhéanamh, mar is iad an t-aon fhoinse sonraí lena dtomhaistear éileamh saothair nach sásaítear. Úsáideann an

[10] Féach: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/jvs_q_nace2/default/table?lang=en (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).

Coimisiún (an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) agus an Banc Ceannais Eorpach sonraí ráithiúla maidir le folúntais chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí gearrthéarmacha ar an timthriall gnó agus ar an margadh saothair. Tá an ráta folúntas ar cheann de na príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha[11], agus is é an príomhfhoinse faisnéise a úsáidtear chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíochta timthriallacha gearrthéarmacha laistigh den Aontas, den limistéar euro agus de thíortha aonair an Aontais. Meastar gur táscaire níos fearr é ná meastacháin amhail táscairí ar ghanntanas saothair.

Úsáidtear JVS freisin chun anailís a dhéanamh ar fhorbairtí sa ráta dífhostaíochta trí úsáid a bhaint as cuar Beveridge, mar a rinneadh mar shampla sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht ón gCoimisiún[12], i réamhaisnéisí eacnamaíocha an Choimisiúin i bhFómhar 2021[13] agus i roinnt tuarascálacha anailíseacha ó ECFE.

Ach bheadh JVS níos ábhartha fós dá líonfaí na bearnaí atá ann faoi láthair i gcumhdach gnólachtaí beaga agus rannáin O go S de NACE Ath. 2, lena n-áirítear institiúidí poiblí. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí an líon folúntas agus an líon post líonta a fhoilsiú sa bhreis ar an ráta. Ní féidir é sin a dhéanamh faoi láthair mar gheall ar chumhdach neamhiomlán gheilleagair an Aontais.

I measc na dtíortha a bhfuil an geilleagar cumhdaithe go hiomlán acu, luann roinnt acu go bhfuil an líon post líonta agus an líon folúntas faoi rún. Sa tríú ráithe de 2022, rachaidh Eurostat i dteagmháil leo chun plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht an líon post líonta agus an líon folúntas don gheilleagar iomlán a scaoileadh.

4.2 Cruinneas

Mar chomhartha ar chruinneas, ríomhann na Ballstáit na comhéifeachtaí athrúcháin sa líon folúntas (nach bhfuil coigeartaithe de réir séasúir), agus saintréithe dhearadh an tsampla náisiúnta á gcur san áireamh. Leis an gcomhéifeacht athrúcháin, sloinntear an earráid chaighdeánach mar chéatadán den mheánluach atá á mheas. Soláthraíonn sé tomhas ar athraitheacht líon measta na bhfolúntas. De réir na dtuarascálacha cáilíochta don bhliain tagartha 2020, bhí comhéifeachtaí éagsúlachta na bhfolúntas iomlán faoi bhun 15 % sna Ballstáit uile seachas i gcás na hÉireann, na Gréige agus na Cipire[14].

Bíonn tionchar suntasach ag méid an tsampla agus ag an ráta freagartha ar chruinneas na meastachán. De réir na dtuarascálacha cáilíochta ó na Ballstáit, bhí méid an tsampla éagsúil, ó

---

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le *Staidreamh an limistéir euro - I dtreo modheolaíochtaí feabhsaithe le haghaidh staidrimh agus táscairí an limistéir euro*, COM(2002) 661.


12 https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8351 (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla).

13 Féach: An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, réamhaisnéis eacnamaíoch na hEorpa: Fómhar 2021, 2021, https://data.europa.eu/doi/10.2765/199989 (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla).

14 Féach meiteashonraí JVS: http://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/jvs_esms.htm.

thart ar 2 500 gnólacht san Fhionlainn, 2 683 i Málta, 3 300 sa Chipir suas le thart ar 100 000 sa Pholainn agus 155 000 sa Ghearmáin[15].

Tháinig athruithe éagsúla ar an ráta freagartha, ó 13 % sa Ghearmáin[16] (don suirbhé poist a rinneadh sa cheathrú ráithe) agus idir 43 % agus 48 % don Ghréig (ag brath ar na ráithí), suas le 97 % nó níos mó sa Liotuáin agus 99 % san Eastóin. In 2020, d'fhan an ráta airmheánach freagartha ar fud na mBallstát ard, ó 79 % go 86 % ag brath ar an ráithe.



CZ, HR agus LU: Neamhbhainteach; ní dhearnadh aon suirbhé agus níor úsáideadh aon sonraí riaracháin

I dtéarmaí na n-athbhreithnithe, tá cásanna éagsúla ann maidir leis an dá eisiúint den ráta folúntas, is iad sin an tobmheastachán agus an meastachán deiridh. Na tobmheastacháin, a eisítear tar éis T+50 lá, féadfar iad a athbhreithniú tar éis T+78 lá, tráth a fhoilsítear na meastacháin deiridh. Cé nach gcumhdaítear na Ballstáit uile leis na tobshonraí, ní raibh na hathbhreithnithe ar na tobmheastacháin níos mó ná 0.1 pointe céatadáin i cás an limistéir euro agus an Aontais le linn thréimhse thagartha na tuarascála seo.

Maidir leis na meastacháin deiridh a fhoilsítear tar éis T+78 lá, is féidir athbhreithnithe a thomhas trí chomparáid a dhéanamh idir an chéad tarchur agus an dara tarchur de JVS le haghaidh ráithe áirithe. I gcás an limistéir euro agus an Aontais, ní raibh athbhreithnithe ar an ráta folúntas níos mó ná 0.1 pointe céatadáin thar thréimhse thagartha na tuarascála seo.

15 Comhfhreagraíonn sé seo do mhéid an tsampla gach ceathrú ráithe nuair a dhéantar suirbhé poist iomlán. Déantar suirbhé ar na trí cheathrú eile trí obair leantach a dhéanamh ar na freagróirí go léir a chríochnaigh an suirbhé poist.

16 Níl an suirbhé folúntas éigeantach sa Ghearmáin, rud a mhíníonn an ráta íseal freagartha don suirbhé poist a reáchtáiltear gach ceathrú ráithe den bhliain. Déantar torthaí an tsuirbhé seo a athualú trí shonraí riaracháin a úsáid, trí mheastachán cúlchéimnithe ginearálaithe, chun aon chlaontacht de dheasca neamhfhreagartha a cheartú.

4.3 An tráthúlacht agus an phoncúlacht

Go ginearálta, bhí tráthúlacht tharchur JVS sásúil maidir leis an tobmheastachán agus leis an bhfoilsiú deiridh araon. Meabhraíodh do na Ballstáit go rialta a thábhachtaí atá sé na sprioc-amanna éigeantacha a chomhlíonadh chun sonraí a tharchur maidir le príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha, lena n-áirítear staidreamh folúntas. Cé gur taifeadadh roinnt moilleanna ó am go chéile don Ghréig, ní raibh aon seachadadh déanach ó thaobh struchtúir de a d'fhéadfadh bac a chur ar fhoilsiú tráthúil eisiúint JVS.


4.4 An comhleanúnachas agus an inchomparáideacht

Níl aon fhoinse chomhchuibhithe eile ar fáil ar an leibhéal Eorpach lena dtomhaistear éileamh ar an margadh saothair nach sásaítear agus a d'fhéadfaí a úsáid chun comparáid a dhéanamh leis an staidreamh folúntas. Comhaireann go leor Ballstát folúntais a thuairiscítear do sheirbhísí fostaíochta poiblí, ach tá sé deacair na figiúirí sin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht JVS. Is amhlaidh atá toisc go bhféadfadh sé go mbeadh fochuimsiúchán ann i sonraí den sórt sin, toisc nach féidir gach folúntas a thuairisciú don tseirbhís fostaíochta phoiblí, agus/nó róthuairisciú má fhanann aon fholúntas atá líonta fós sa chlár riaracháin. Thairis sin, tá JVS ó fhoinsí riaracháin bunaithe ar shainmhínithe náisiúnta, atá éagsúil ó thír amháin go tír eile.

Is féidir an líon post líonta, arb é ainmneoir an ráta folúntas é, a chur i gcomparáid le faisnéis ó fhoinsí eile, go háirithe líon na bhfostaithe a tuairiscíodh sa Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (SFS). Mar sin féin, ní mór difríochtaí coincheapúla agus difríochtaí a bhaineann le suirbhé idir foinsí a chur san áireamh sna comparáidí agus sna measúnuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar dhifríochtaí. Go háirithe, déantar staidreamh folúntas a mheas ó shampla gnólachtaí, ach tá SFS bunaithe ar shampla de theaghlaigh.

Mar a léirítear san fhigiúr thíos, is iondúil go mbíonn éagsúlacht ann idir líon na bhfostaithe a thaifeadtar in SFS agus an líon post líonta a thaifeadtar in JVS don gheilleagar iomlán, agus de ghnáth bíonn an difríocht sin idir -20 % agus + 20 %, seachas i Lucsamburg (-49 %), sa Ghréig (23 %), sa Bhulgáir (24 %), san Ungáir (26 %) agus sa Rómáin (32 %).

Difríocht choibhneasta idir líon na bhfostaithe (SFS) agus an líon post líonta (JVS) le haghaidh rannáin B-S de NACE, sonraí bliantúla le haghaidh 2020*



* Níl aon fhaisnéis ann le haghaidh FR; Ní chumhdaítear le JVS sa Fhrainc ach fiontair ag a bhfuil 10+ fostaí agus níorbh fhéidir é sin a chur i gcomparáid le sonraí SFS.

** DK: comparáid le haghaidh rannáin B-N comhiomlánaithe NACE.

*** IT: Ní thaifeadtar poist líonta le haghaidh rannán O agus ní dhéantar iad a thaifeadadh ach go páirteach le haghaidh rannáin P agus Q. Dá bhrí sin, fágadh na codanna sin ar lár sa chomparáid seo le sonraí SFS.

Is féidir an bhearna dhiúltach a thomhaistear do Lucsamburg a chur síos do chion mór na hoibre trasteorann, rud a chruthaíonn neamhréireachtaí móra idir coincheap intíre an mhargaidh saothair a úsáidtear in SFS agus an coincheap náisiúnta a chuirtear i bhfeidhm in JVS: ní dhéantar suirbhé le SFS ach ar theaghlaigh amháin, ach cumhdaítear le JVS fiontair chónaitheacha, lena n-áirítear a n-oibrithe neamhchónaitheacha (i.e. oibrithe trasteorann).

I gcás na Gréige, léiríonn an bhearna a aithníodh go bhfuil difríochtaí idir an dá fhoinse maidir le modheolaíocht agus sainmhínithe. Go háirithe, ní chumhdaíonn sonraí folúntas ach gnólachtaí ina bhfuil triúr fostaithe nó níos mó. Ar deireadh, b'fhéidir nach bhfuil roinnt gnólachtaí san áireamh sa chreat samplála toisc gur thosaigh siad ag feidhmiú tar éis nuashonrú a dhéanamh ar an gclár gnó, rud a d'fhág go ndearnadh gannmheastachán ar phoist líonta.

Luaitear i dtuarascáil cháilíochta na Bulgáire go bhfuil an sainmhíniú ar fhostaithe a úsáidtear in SFS níos leithne ná mar atá do staidreamh JVS. Go háirithe, cuimsíonn sé daoine atá ag obair faoi chonradh tráchtála (conradh chun obair áirithe a dhéanamh), iad siúd atá ag obair faoi chonarthaí bainistíochta agus rialaithe, agus iad siúd atá ag obair gan conradh d'aon chineál. Thairis sin, ní chuirtear pearsanra míleata san áireamh in JVS.

Ní chumhdaíonn an Ungáir gnólachtaí ina bhfuil níos lú ná cúigear fostaithe ina staidreamh folúntas, rud a mhíníonn cuid den bhearna thaifeadta.

Ina tuarascáil cháilíochta, mhínigh an Rómáin gur léirigh neamhréireachtaí idir SFS agus JVS maidir leis an líon post líonta, nach raibh an méid seo a leanas san áireamh i bpoist líonta a bailíodh trí úsáid a bhaint as modhanna JVS:

- daoine aonair a bhfuil a gconradh fostaíochta ar fionraí ar feadh tréimhse áirithe (ar fhorais saoire máithreachais, saoire cúraim leanaí, saoire breoiteachta nó saoire gan phá, nó mar gheall ar neamhláithreacht de chineál éigin eile);
- poist, cé gur cuireadh ar fionraí go sealadach iad, a d'fhéadfadh a bheith folamh agus a bheith líonta ar feadh tréimhse theoranta ama; agus
- poist i bhfórsaí armtha nó san earnáil neamhfhoirmiúil.

In éineacht leis na húdaráis náisiúnta fhreagracha sna tíortha atá liostaithe thuas, leanfaidh Eurostat d'fhaireachán a dhéanamh ar neamhréireachtaí idir líon na bhfostaithe a thaifeadtar in SFS agus an líon post líonta a thaifeadtar in JVS.

Tá sé tábhachtach freisin go gcumhdófar folúntais agus poist ar phárolla gníomhaireachtaí sealadacha agus go sannfar iad do Rannán N de NACE Ath. 2.

Ar deireadh, is é an príomhdhúshlán maidir le hinchomparáideacht go gcumhdóidh na Ballstáit uile an geilleagar ina iomláine ina suirbhéanna ar fholúntais, i.e. gnólachtaí beaga agus rannáin O go S de NACE Ath. 2 a chur san áireamh, lena n-áirítear institiúidí poiblí. Ó bhí an tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn ann, tá dul chun cinn maith déanta ag an Iodáil agus ag Málta agus cumhdaítear lena sonraí JVS fiontair ina bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí anois. Mar sin féin, mar a luaitear i Roinn 1.2, níl sonraí don Danmhairg, don Fhrainc agus don Iodáil inchomparáide go hiomlán fós le sonraí Ballstát eile.

4.5 An inrochtaineacht agus an tsoiléireacht

Scaiptear staidreamh folúntas trí ghnáthbhealaí dáileacháin Eurostat, is é sin an bunachar sonraí ar líne agus na leathanaigh 'Statistics Explained' ar shuíomh gréasáin Eurostat[17]. Cuireann an suíomh gréasáin faisnéis thráthúil ar fáil maidir leis an ráta folúntas do na comhiomláin Eorpacha agus do Bhallstáit aonair araon, lena n-áirítear cairteacha maidir le forbairtí le himeacht ama. Ós rud é go mbaineann staidreamh folúntas leis na príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha, foilsítear eisiúint nuachta gach ráithe[18].

Rinneadh nuashonrú ar mheiteashonraí a sholáthraítear d'úsáideoirí chun tacú le heisiúintí sonraí trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha cáilíochta bliantúla a sholáthraíonn na Ballstáit. Is féidir teacht orthu sin ar shuíomh gréasáin Eurostat[19].

5. CONCLÚIDÍ

Le trí bliana anuas, lean Eurostat ag cur feabhais ar tharchur (le tacaíocht ó oifigí staidrimh náisiúnta), ar bhailíochtú agus ar scaipeadh staidrimh Eorpaigh maidir le folúntais. Maidir le

[17] Féach: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Job_vacancy_statistics agus http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Job_vacancy_and_unemployment_rates_-_Beveridge_curve (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla).

[18] Féach an féilire eisiúna le haghaidh táscairí euro: https://ec.europa.eu/eurostat/news/euro-indicators/release-calendar (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).

[19] Féach meiteashonraí JVS agus tuarascálacha cáilíochta náisiúnta agus de chuid an Aontais: https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/jvs_esms.htm (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla)

coigeartuithe séasúracha, bhailigh Eurostat faisnéis mhodheolaíoch mhionsonraithe ó na Ballstáit agus chuir sé ar fáil d'úsáideoirí í mar iarscríbhinn a ghabhann leis na tuarascálacha cáilíochta bliantúla.

Bhí tionchar ag géarchéim COVID-19 ar bhailiú sonraí JVS, go háirithe maidir le rátaí freagartha. Ach d'éirigh leis na Ballstáit uile sonraí JVS a tharchur in am, seachas an Fhrainc i gcás aon ráithe amháin. Bhí an tionchar ar an ngeilleagar le feiceáil in amshraitheanna JVS: tar éis laghdú suntasach a bheith ann in 2020R1 agus 2020R2, tháinig feabhas ar na rátaí folúntas agus bhí siad níos fearr ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim fiú, go háirithe i gcás Rannán J de NACE Ath. 2 ('Faisnéis agus cumarsáid').

In ainneoin na géarchéime, foilsíodh na comhiomláin Eorpacha de réir an sceidil. Go ginearálta, níor taifeadadh ach mion-athbhreithnithe do na comhiomláin Eorpacha i gcás na dtobmheastachán agus na meastachán deiridh araon.

Chun inchomparáideacht JVS ar fud na dtíortha a fheabhsú a thuilleadh, tá sé tábhachtach go ndéanfadh na Ballstáit uile an earnáil phoiblí (i gcás na Danmhairge agus na hIodáile) agus gnólachtaí beaga (i gcás na Fraince) a chumhdach go hiomlán. Le cumhdach feabhsaithe, d'fhéadfaí an líon folúntas a fhoilsiú, i gcás na gcomhiomlán Eorpach, chomh maith leis an ráta folúntas. Leanfaidh Eurostat ag tabhairt aghaidhe ar an tsaincheist sin, i ndlúthchomhar leis na tíortha lena mbaineann, faoin athbhreithniú leanúnach ar reachtaíocht an Aontais maidir le staidreamh an mhargaidh saothair i ndáil le gnólachtaí.

Is é is aidhm don tionscadal athbhreithnithe seo meastóireacht agus nuachóiriú a dhéanamh ar reachtaíocht iomlán an Aontais i réimse staidreamh an margaidh saothair i ndáil le gnólachtaí. I réimse an staidrimh folúntas, tá sé beartaithe ag Eurostat na feabhsuithe seo a leanas a mholadh:

- deireadh a chur le claontacht a d'fhéadfadh a bheith ann trí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile agus na méideanna gnó uile a chumhdach, lena n-áirítear gnólachtaí beaga a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí acu, institiúidí poiblí agus an earnáil phoiblí;
- spriocanna beachtais a thabhairt isteach le haghaidh an líon folúntas agus an líon post líonta; agus
- na haonaid staidrimh a úsáidtear chun sonraí JVS a bhailiú a shonrú sa reachtaíocht, agus iad a theorannú d'fhiontair agus d'aonaid áitiúla.

D'fhéadfadh tuilleadh tograí teacht as an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Cloisimis uait. Deis a bhí anseo do na páirtithe leasmhara uile a leibhéal sástachta a chur in iúl maidir le staidreamh an mhargaidh saothair i ndáil le gnólachtaí, lena n-áirítear JVS, agus feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh a mholadh.

Leanfaidh Eurostat ag déanamh faireacháin ar chomhlíonadh agus ar cháilíocht JVS go tráthrialta, trí úsáid a bhaint as na sonraí a sheachadtar agus as doiciméadacht náisiúnta eile, lena n-áirítear tuarascálacha cáilíochta, agus leanfaidh sé go dlúth leis na húdaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach.